



“Sármhaitheas trí Cheannaireacht agus Bhainistíocht Chomhoibríoch”

Critéir Roghnaithe d'Iarratais ó Bhraislí

Cúlra na Scéime

Is í is aidhm don scéim seo cabhrú le scoileanna tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a gcumas ceannaireachta. Tugann an Roinn Oideachais agus Scileanna cuireadh do scoileanna páirt a ghlacadh i scéim phiolótach atá ceaptha chun éascaíocht a dhéanamh do scoileanna leas a bhaint as cumas ceannaireachta agus bainistíochta inmheánach agus iad a bharrfheabhsú ag gach leibhéal.

Sa scéim cuimseofar clár náisiúnta tionscadal a bhíonn ag oibriú ag an leibhéal áitiúil. Le gach tionscadal déanfar cuir chuige i leith ceannaireacht agus bainistíocht scoile a chíoradh a thabharfaidh rannpháirt do na foirne ceannaireachta i scoileanna rannpháirteacha agus a chumasóidh iad.

Critéir Cháilíochta

- Ba chóir iarratais agus iad comhlánaithe, a chur isteach chuig office@cslireland.ie ní déanaí ná 5 pm Dé Céadaoin 19 Nollaig 2018
- Ní bhreithneofar iarratais ach amháin má tá siad comhlánaithe ina n-iomláine
- Ní mór do gach foirm iarratais a bheith sínithe ag Príomhoide na scoile comhordaithe
- Ní mór trí scoil ar a laghad agus sé scoil ar a mhéid a bheith i mbraisle

Cuirfear painéal ar bun ar a mbeidh ionadaithe ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ón Ionad um Cheannaireacht Scoile, ó ATECI, ón Tríú Leibhéal agus ón earnáil Ghnó/ón Tionscal chun breithniú a dhéanamh ar cháilíocht na n-iarratas. Déanfar liosta ordlathach ina dtabharfar aitheantas cuí do na critéir atá mínithe thíos agus roghnófar an **dá thionscadal is fearr** i ngach réigiún Ionad Oideachais i gcomhair rannpháirtíochta sa Scéim Phiolótach.

Critéir Roghnaithe

Tá comhthéacs na gcritéir ar fáil sa **Chur-síos ar an Scéim** atá foilsithe chun tacú leis an bpróiseas iarratais. Spreagadh iarrthóirí chun a chur in iúl conas a léireodh a gcuid tionscadal na nithe seo a leanas:

- Comhoibriú laistigh den scoil agus idir scoileanna atá ag díriú ar ceannaireacht dháilte a fheabhsú sna scoileanna rannpháirteacha



- Tionchar ceannaireachta éifeachtaí ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnacht sna scoileanna rannpháirteacha
- Baint na bhfoghlaimoirí i scoileanna rannpháirteacha agus fianaise ar an tionchar a imríonn a rannpháirtíocht ar a gcuid foghlama - go háirithe conas mar a athraíonn eispéireas an fhoghlaimora mar thoradh ar rannpháirtíocht a scoile sa tionscadal
- Comhoibriú éifeachtach idir scoileanna rannpháirteacha
- Torthaí sainithe
- Conas mar is féidir úsáid a bhaint as torthaí na dtionscadal sa chóras i gcoitinne

Agus cinntí á ndéanamh maidir le hoiriúnacht gach iarratais caithfidh na nithe seo a leanas a bheith léirithe go soiléir ar an bhfoirm iarratais lena mbaineann:

- Aidhmeanna agus Cuspóirí glana soiléire an Tionscadail a;
 - Fhorbraíonn cumas ceannaireachta laistigh de na scoileanna rannpháirteacha
 - Éascaíonn obair foirne
 - Chuireann in iúl cén tionchar a imreofar ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnacht
 - Dhéanann naisc fhollasacha le teoiric agus cleachtas oideachais
 - Théann chun tairbhe don gcóras i gcoitinne
- Straitéisí Pleanála agus Straitéisí le haghaidh Cur i nGníomh an Tionscadail a;
 - Léiríonn conas a bhainíteofar na tionscadail go háitiúil
 - Aithníonn ionchuir ar nós oiliúna agus tacaíochtaí ó chomhpháirtithe tionscadail
 - Cuir in iúl conas a bhainfear an tionchar ar theagasc, foghlaim agus measúnacht a bhfuiltear ag súil leis amach
 - Mínigh an mheasúnú leanúnach/na cleachtais mhachnamhacha leanúnacha
- Ról agus freagrachtaí an tionscadail

Tá comhoibriú idir scoileanna agus laistigh de scoileanna i gcroílár na scéime. Dá bhrí sin tá sé ríthábhachtach go bhfuil príomhról ag gach comhpháirtí i dtaobh pleanáil, cur i ngníomh agus measúnú an tionscadail. Dá bhrí sin ba chóir go sonródh Ról agus Freagrachtaí an Tionscadail;

- Ról beartaithe na scoile comhordaithe
- Ról beartaithe gach scoile rannpháirtí
- An ról a bhfuiltear ag súil leis do chomhpháirtithe eile an tionscadail



- **Sceideal an Tionscadail**

Mar chúnamh chun na tionscadail a phleanáil agus a chur i ngníomh ba chóir sceideal tionscadail soiléir a fhorbairt agus ba chóir na rudaí seo a leanas a bheith ann;

- Dátaí garspriocanna
- Sceideal cruinnithe tionscadail
- Sásra chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i ngníomh an tionscadail
- Sceideal torthaí/nithe inseachadta an tionscadail

- **Torthaí Tionscadail agus nithe atá le seachadadh uathu**

Tá sé i gceist go n-aithneofar trí gach tionscadal nithe atá le seachadadh agus torthaí agus ba chóir go gcuimseoidís, más féidir, iad seo a leanas;

- Míreanna sainmhínithe agus intomhaiste
- Mionsonraí faoin tslí ina scaipfear na torthaí agus ina gcuirfear in iúl iad don gcóras i gcoitinne

Tabhair ar Aird: Sa chás go bhfaigheann braislí difriúla sa réigiún Ionad Oideachais céanna an marc céanna tabharfar tús áite do bhraislí ina bhfuil scoil DEIS amháin ar a laghad.